

Ré Nua Foghlama

Straitéis 2022–2027



Réamhrá

Fáilte chuig *Ré Nua Foghlama: Straitéis 2022–2027* an Fhorais Riaracháin. Tógann an plean seo ar rath agus éachtaí na bpleananna a tháinig roimhe, chomh maith le pointí foghlama a dhéanann eolas do riachtanais na todhchaí. Tá an plean á fhoilsiú ag am atá míshocair go geopholaitiúil agus Éire ag dul i ngleic le dúshlán gheilleagracha, timpeallachta agus sochaíocha agus téarnamh rathúil na tíre tar éis ghéarchéim Covid-19, ag dul ar aghaidh sa chúlra.

Tá an Foras tar éis dul i ngleic le hathruithe suntasacha ónar bunaíodh in 1957 é. Níor bhain athrú níos bunúsaí ar an tslí a oibrímid le haon tréimhse eile i gcomparáid leis an tréimhse ó 2017, nuair a seoladh an ráiteas straitéise deireanach dár gcuid. Ní rabhthas ag súil le tionchar radacach Covid-19 ar an tsochaí, ar an tseirbhís phoiblí agus ar an bhForas é féin ag an am sin. Chuir an freagra i leith na géarchéime borradh faoi roinnt mhaith treochtaí, amhail comhordú seirbhísí ar fud eagraíochtaí agus leibhéil an rialtais, digitiú seirbhísí, cianobair agus cianfoghlaím. Tá cruth nua á chur ar ár dtimpeallacht oibríúcháin ag na nithe sin.

Tugann an straitéis seo, a chluadaíonn an tréimhse idir 2022 agus 2027, bunús dár bhfreagra i leith dúshlán agus deiseanna áirithe a mbíonn ar an bhForas aghaidh a thabhairt orthu i dtimpeallacht iar-Covid-19 i gcomhthéacs, ag am a mbaineann neamhchinnteacht leis, mar aon le tograí nua a bhaineann le leasú na seirbhíse poiblí i gcomhthéacs.

Agus an straitéis seo á forbairt againn, chuireamar próiseas comhairliúcháin forleathan ar bun, go seachtrach agus go himheánach araon. Léiríonn na cuspóirí agus na spriocanna a d’eascair as, dearchtaí raon leathan páirtithe leasmhara ó ar fud na ranna rialtais, rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí poiblí eile, chomh maith leis an bhfoireann, an mbainistíocht agus an Bord. Téann na dearchtaí seo i ngleic le nádúr na ndúshlán a dtugann an Foras aghaidh orthu mar aon leis na freagraí a bhfuil gá leo.

Tháinig roinnt mhaith teachtaireachtaí soiléire ón bpróiseas comhairliúcháin. I measc na dteachtairachtaí is feiceálaí bhí an gá aitheanta atá ann go nglacfadh an Foras le béim láidir ar riachtanais na bhfostaithe sinsireacha sa tseirbhís phoiblí agus sa státseirbhíseach. Rud eile a cuireadh béim uirthi ná an gá go bhforbródh an Foras tacaíochtaí iomchuí chun go mbeadh an tseirbhís phoiblí in ann déileáil le fadhbanna casta trasearnála atá ag teacht chun cinn, amhail an aeráid agus inbhuanaitheacht. Caithfear ár n-obair sna blianta amach romhainn a bhunú ar chlár oibre chlaochlú an Fhorais. Oibrímid ar ardchaighdeán, ach cuireann an domhan atá ag athrú go tapa dúshlán romhainn níos mó a dhéanamh, go háirithe i réimsí amhail nuálaíocht, fadbhreathnaitheacht straitéiseach, digitiú, athrú aeráide agus anailíseacht sonraí.

Aithnímid go bhfuil an straitéis seo á seoladh againn ag am neamhchinnte. Tá roinnt imeachtaí atá ag múnlú ár dtimpeallacht oibre, amhail athrú aeráide agus inbhuanaitheacht, cé go bhfuil siad casta, ar eol do chách, is féidir iad a thuar. Ní féidir roinnt imeachtaí eile a thuar, amhail tionchar Covid-19 i rith na tréimhse straitéise deireanaí, agus tionchair an chogaidh san Úcráin atá ag forbairt faoi láthair, ach caithfear aghaidh a thabhairt orthu. Tá leibhéal an riosca a bhaineann leis an straitéis a chuir i bhfeidhm suntasach dá bharr sin. Beidh orainn na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach sa straitéis seo a athbhreithniú go leanúnach agus beidh orainn a bheith ábalta an straitéis a chur in oiriúint agus a athrú de réir mar a thagann tosca nua chun cinn. Beidh an ghasacht agus an nuálaíocht ríthábhachtach.


I gcroílár an Fhorais, feidhmíonn sé mar éascaitheoir agus tionscnóir ar dhea-rialtas. Tá sé mar aidhm againn oideachas a chur ar dhaoine agus iad a chur ar an eolas, dea-chleachtas a chur chun cinn, plé agus díospóireacht a spreagadh, agus ceangail a chruthú ar fud na seirbhíse poiblí chun córas riaracháin poiblí na hÉireann a fheabhsú chun leas an phobail. Mar a bhí ag tús a shaoil, creideann an Foras go bunúsach i ngairm an riaracháin phoiblí, agus creideann sé gur féidir lenár státseirbhís agus seirbhís phoiblí aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá rompu ar bhealach rathúil tríd an bhfoghlaím, oideachas, forbairt agus taighde.

Is láidreacht ar leith a bhaineann leis an bhForas é go mbaineann sé leas as foireann an-chumasach, phroifisiúnta agus tiomanta, mar aon le foras láidir de chomhlaigh. Tá na nithe sin ar fad ríthábhachtach agus ár misean agus ár bhfís á gcur i gcrích againn. Táimid tiomanta dár bhfoireann a thacú agus a athnuachan ina bhforbairt proifisiúnta agus pearsanta, rud a ligfidh dóibh barr a feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre mar aon lenár gcuspóirí agus spriocanna a bhaint amach. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d’obair dhian cách a chuir le, a mhúnlaigh agus a d’fhorbair an plean seo. Gabhaimid buíochas leis an Dr Marian O’Sullivan (Ard-Stiúrthóir, 2015-2022) dá rannchuidiú díograiseach agus éachtaí straitéis dheireanach an Fhorais. Ar an mbonn céanna, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Dr Fergal Lynch (Cathaoirleach agus Comhalta Boird, 2016-2022) dá shaothar agus tiomantas iontach chuig an bhForas i rith a théarma ar Bhord an Fhorais.

Táimid ag súil le hoibriú leis an mBord agus ár bhfoireann, ár mic léinn agus ár bpáirtithe leasmhara ar fad chun a chinntiú go mbaintear amach na cuspóirí agus na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach againn chomh maith agus atá ar ár gcumas.



Helen Brophy
Ard-Stiúrthóir



George Burke
Cathaoirleach



Cúlra agus Comhthéacs

Cé Sinne agus Cad a Dhéanaimid

Bunaíodh an Foras Riaracháin in 1957 ag grúpa fostaithe sinsearach sa tseirbhís poiblí a d'aithin an gá a bhí le hoideachas proifisiúnta agus oiliúint a chur ar fhostaithe in earnáil poiblí na hÉireann, taobh le hanailís agus measúnú a dhéanamh ar bhainistíocht agus ceapadh beartas poiblí.

Tá an Foras ann chun tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin poiblí agus beartais poiblí a chur chun cinn. Agus é faoi choimirce na Roinne Airgeadais ar dtús agus faoi choimirce na Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó 2011, tá an Foras tar éis a bheith ag tacú le forbairt fostaithe sa tseirbhís poiblí agus le forbairt na hearnála poiblí in Éirinn agus thar lear ar feadh 65 bliain.

Tá an Foras díriúil ó sholáthróirí oideachais agus oiliúna eile toisc go gclúdaítear an earnáil poiblí iomlán ann agus go nglacann sé cur chuige ilghnéitheach. Oibrímid le agus thar rialtas láir agus rialtas áitiúil, rud a chuireann seirbhísí oideachais, oiliúna, taighde, foilsithe agus sainchomhairleoireachta ar fáil. Cinntíonn an cur chuige trasearnála seo go gcuireann an Foras dearcadh uathúil, uile-rialtais i bhfeidhm ina ngníomhaíochtaí. Cuirimid seirbhísí ar fáil freisin don phobal agus don earnáil dheonach, inar idirghníomhaíonn siad leis an rialtas, agus do chliaint na hearnála príobháidí ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar an stát, ar a ról i sochaí na hÉireann, agus ar riarachán poiblí.

Tugann Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker gníomhaíochtaí oideachais, leabharlainne, foilsitheoireachta agus taighde an Fhorais le chéile. Cuireann an Scoil raon clár d'fhochéimithe agus

iarchéimithe ar fáil, arna gcreidiúntú ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, a dearadh chun freagairt do riachtanais ar leith fostaithe sa státseirbhís agus sa tseirbhís poiblí. Tá staid uathúil ag an Scoil maidir le clár a dhearadh agus a chur ar fáil chun go bhfreagróidís do riachtanais na ndaoine atá fostaithe sa tseirbhís poiblí níos leithne agus chun anailís agus cur le chéile an cheaptha beartas poiblí a fheabhsú. Is é an Foras an t-aon acmhainn tiomnaithe taighde bainistíochta poiblí in Éirinn. Cuireann sé seirbhís taighde ar fáil a bhfuil sé mar aidhm aici ár dtuiscint maidir leis an tseirbhís poiblí agus conas mar a oibríonn sí a fheabhsú. Anuas air sin, is é an Foras an t-aon fhoilsitheoir Éireannach a dhéanann speisialtóireacht i dtéacsanna faoi riarachán agus bainistíocht poiblí.

Cuirimid raon leathan clár oiliúna agus forbartha agus seirbhísí sainchomhairleoireachta ar fáil. Cuirtear raon leathan cúrsaí gairmiúla ar fáil gach bliain ag lárionad oiliúna agus oideachais an Fhorais i mBaile Átha Cliath, ag láithreacha réigiúnacha nó cliaint, agus go hidirnáisiúnta. Tá creidiúntú ag roinnt dár gclár oiliúna ó ghníomhaireachtaí seachtracha, lena n-áirítear an Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí, Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt agus Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann. Cuirimid plé agus díospóireacht ar fhorbairt agus ar threo ár seirbhísí poiblí amach anseo chun cinn trí sheirbhísí amhail ár bhFóram Rialachais, comhdhálacha, seimineáir, foilseacháin agus obair idirnáisiúnta.

Timpeallacht Oibriúcháin an Fhorais

Bhí tionchar suntasach agus leantach ag Covid-19 ar thimpeallacht oibriúcháin an Fhorais. Bhunaigh an Foras grúpa straitéiseach Covid-19 ag leibhéal ardbhainistíochta go tapa i rith na paindéime. Tháinig an grúpa seo le chéile go rialta chun beartas an Fhorais maidir leis an ngéarchéim Covid-19 a bhí ag forbairt, a chinneadh. Bhunaigh an ardbhainistíocht, Grúpa Oibre foirmeálta freisin maidir le Seirbhísí Cumasaithe ag an Teicneolaíocht, rud a d'aithin cad a bheadh ag teastáil ón bhfoireann, mic léinn agus cliant ionas go gcinnteofaí go bhféadfadh an staidéar, oiliúint agus seirbhísí cliant eile leanúint ar aghaidh.

Tar éis tréimhse d'oibriú ar líne go príomha, tá an Foras tar éis bogadh chuig socrú hibrideach, cur chuige a chuireann riachtanais na mac léinn, na gcliant agus na foirne san áireamh. Léiríodh rath an chuir chuige sin nuair a cuireadh na nithe seo a leanas i gcrích, agus obair ar bun go príomha ar líne ó mhí Márta 2020 go Bealtaine 2022:

- 8 sraith de sheisiúin scrúdaithe ar líne;
- 2 bhliain acadúla iomlána de chlárí fochéime agus iarchéime;
- 3,700 rang ar líne (2,650 seimineár gréasáin agus 1,050 léacht réamhthaifeadta);
- 1,675 cúrsa oiliúna;
- 155 tionscadal sainchomhairleoireachta.

Bhain dúshlán le cianobair na foirne, chomh maith le clár agus scrúduithe a chur ar fáil ar líne, ach rinneadh na dúshláin sin a bhainistiú go héasca de bharr an cumas a bhain le gníomhú go deimhneach agus go héifeachtach. Dúirt 81 faoin gcéad de na mic léinn go raibh a dtaithe foriomlán ar líne leis an bhForas 'an-mhaith' nó 'maith'. Dúirt 90 faoin gcéad de léachtóirí go raibh éifeachtacht ár soláthar ar líne 'an-mhaith' nó 'maith'.

Ar bhonn níos leithne, tá tionchar ag athruithe atá ag tarlú sa tseirbhís phoiblí ar thimpeallacht oibriúcháin an Fhorais. Le blianta beaga anuas, ba é plean Ár Seirbhís Phoiblí 2020 an straitéis uileghabhálach a threoraíonn leasú na seirbhíse poiblí. Tá an chéad chéim eile i gclaochlú na seirbhíse poiblí á forbairt faoi láthair agus é mar aidhm straitéis nua a bheith ullmhaithe go déanach in 2022. Is éard atá i gceist leis, ná go dtiocfaidh sé go dlúth le *Athnuachan na Státseirbhíse 2030* – an straitéis a threoraíonn leasú na státseirbhíse. Tá trí phríomhthéama ag an straitéis sin: beartas agus seirbhísí fianaise-bhunaite a chur ar fáil; teicneolaíocht agus nuálaíocht dhigiteach a chur chun tairbhe; agus lucht saothair, láthair oibre agus eagraíocht na toadhcháí sa státseirbhís a thógáil.

Tá roinnt straitéisí rialtais láir eile dírithe ar athchóiriú agus beidh tionchar acu ar thosaíochtaí oibre an Fhorais amach anseo. Bunaíodh straitéis chun nuálaíocht a dhaingniú i seirbhís phoiblí na hÉireann, *Ag Daingniú na Nuálaíochta*, ag deireadh na bliana 2020, agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag gníomhaíochtaí faoin straitéis sin. Thug géarchéim Covid-19 spreagadh níos mó do roinnt saincheisteanna, seachadadh dhigiteach ach go háirithe, agus thug an rialtas straitéis dhigiteach nua isteach don tseirbhís phoiblí, *Cónascadh Rialtais 2030*, i Márta 2022. Tá ár bhfoireann Seirbhíse Poiblí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag oibriú le Roinn an Taoisigh agus an ECFE, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, chun an tionscadal *Ceapadh Beartais agus Forbhreathnú i Seirbhís Phoiblí na hÉireann a Neartú* a forbairt. Is é an cuspóir atá aige ná plean gníomhaíochta maidir le forbhreathnú straitéiseach a forbairt don tseirbhís phoiblí.

Ag leibhéal an rialtais áitiúil, tá an cumas ag forbairt maidir le dírtoghchán méaraí agus díospóireacht maidir le struchtúir amach anseo, tionchar a bheith acu ar athchóiriú críche agus d'fhéadfadh athshannadh cumhachtaí chuig an t-údarás áitiúil a bheith ina thoradh air. Tá tionchar freisin ag straitéisí earnálacha eile, amhail an clár athchóirithe do sheirbhísí sláinte *Sláintecare*, maidir le riachtanais chliant an Fhorais a mhúnlú. Déanann na straitéisí agus pleananna éagsúla sin eolas do thosaíochtaí an Fhorais. Rud atá soiléir sna pleananna éagsúla ná an bhéim a chuirtear ar réiteach fadhanna, seasmhacht agus gastacht, agus cead a thabhairt dóibh siúd atá níos cóngaraí don seachadadh bheith nuálach agus cinntí measta a dhéanamh agus iad go hiomlán ar an eolas. Beidh foghlaim agus roinnt ceachtanna tábhachtach sa chomhthéacs sin ar fud na n-earnálacha difriúla.

Cosúil leis na hearnálacha rialtais láir agus áitiúla, leanann an earnáil comhlachta stáit agus gníomhaireachta de dheiseanna athchóirithe, nuálaíochta agus bealaí nua oibríthe a chuimsiú. Leanann na straitéisí, feidhmeanna agus clár oibre de bheith ag forbairt i gcomhréir le beartas rialtais agus ionchais na bpáirtithe leasmhara. Tá an bhéim ar rialachas agus cuntasacht tar éis éirí níos láidre agus tá soiléire na bhfreagrachtaí ag leibhéal an bhoird agus an fheidhmeannaigh, na caidrimh le ranna agus eintitis mhaoiniúcháin, agus méid an tuairiscithe gealltanais agus feidhmithe tar éis éirí níos tábhachtaí. Tá an bhéim chéanna soiléir laistigh d'eintitis do leas an phobail, eintitis charthanacha agus eintitis sheachbhrabúsacha a bhfuil cistí poiblí á bhfáil acu. Beidh socrúcháin maidir le soláthar oideachais, léargais agus ceachtanna foghlamtha rithábachtach chun tacaíocht a thabhairt dó sin agus d'earnálacha gaolmhara.

Próiseas Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara

Rinneadh an straitéis a fhorbairt bunaithe ar chomhairliúchán leitheadach le príomhpháirtithe leasmhara ó ranna rialtais, gnómhaireachtaí stáit, údaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí eile, mic léinn an Fhorais, comhaltaí Boird, agus bainistíocht agus an fhoireann. Baineadh úsáid as tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt na gcuspoirí agus na spriocanna a leagtar amach sa straitéis.

Áirítear na sé phríomhréimse béime seo a leanas ar éileamh agus riachtanais na seirbhíse poiblí a bhfuil súil leo agus a dtabharfaidh an Foras aghaidh orthu amach anseo a aithníodh i rith an phróisis chomhairliúcháin:

1. Téamaí Nua atá ag Teacht Chun Cinn:

- Tá ról lárnach ag an bhForas i dtacaíocht a thabhairt don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí maidir le claochlú na seirbhíse poiblí. Tá gá le claochlú ionas gur féidir dul i ngleic le saincheisteanna amhail beartas aeráide, beartas sóisialta, srl. ar bhealach níos éifeachtaí.
- Rud atá lárnach don ról seo ná an gá atá le cláir agus cúrsaí nua atá ábhartha do riachtanais beartas atá ag forbairt amhail inbhuanaitheacht, rialú digiteach, IS, srl.

2. Cur Chuige i leith Cláir/Cúrsaí a Dhearadh:

- Treisigh comhpháirtíochtaí, comhlaigh, comhoibriú, srl. chun réimsí saineolais a chur chun cinn agus lárionaid barr feabhais do shocruithe comhoibríoch a aithint.
- Saineolaithe i sainréimsí a chur i láthair chun ionadaíocht a dhéanamh le haghaidh agus tacaíocht a thabhairt don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí.
- Leas a bhaint as taighde agus foilseacháin an Fhorais chun eolas a dhéanamh do chur chuige i leith cláir/cúrsaí a dhearadh.

3. Príomh-Spríoclucht Spéise:

- Tosaíocht a thabhairt do riachtanais na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí trí shainriachtanais na gceannairí agus na mbainisteoirí sinsearach agus iad ag déileáil le saincheisteanna beartais trasearnálacha casta a chinneadh.
- Rud a bhfuil rithábacht ag baint leis ná saineolas praiticiúil na dteagascóirí, na gcomhlach agus na rannpháirtithe chun taca a chur faoi fhoghlaim ó thaithí go háirithe i gcláir ardleibhéil.

4. Sílte Foghlama Nua agus Modhanna Seachadta Nua:

- Fiosrú a dhéanamh ar an deis micridhintiúir a fhorbairt don fhoghlaim sa todhchaí. Tá deimhniúchán ag éirí níos tábhachtaí do ról i réimsí amhail acmhainní daonna, soláthar, airgeadas, srl., le riachtanas iarmhartach ann don saineolas.

- Dul chun cinn níos mó a dhéanamh i bhfoghlaim chumaisc agus ar líne, agus leas á bhaint as teicneolaíocht chun taithí foghlama fhíorúil agus hibrídeach iontach a chinntiú.
- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) a chur i bhfeidhm le hoiliúint foirne leordhóthanach i ndearadh/seachadadh clár agus foghlaim idirghníomhach FCT.

5. Rannpháirteachas & Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara:

- Cur chuige onnghníomhach a ghlacadh chun feasacht agus tuiscint maidir leis an bhForas a fheabhsú ar fud na seirbhíse poiblí, go háirithe ag leibhéil shinsearach, agus leas á bhaint as deiseanna digiteacha agus meáin shóisialta nuair is iomchuí.
- Infheictheacht an Fhorais a fheabhsú trína ról tráchtairíochta agus, go háirithe, pearsanra an Fhorais a chur chun cinn i réimsí saineolais faoi seach chun tráchtairíocht a chur ar fáil maidir le saincheisteanna ábhartha.
- Taighde an Fhorais a úsáid chun eolas a chur ar fáil agus chun díospóireacht a chruthú mar aon leis an tseirbhís phoiblí a chur chun cinn agus ionadaíocht a dhéanamh di.
- Líonra le haghaidh alumnas agus daoine gaolmhara a fhorbairt chun rannpháirteachas a spreagadh trí imeachtaí amhail comhdhálacha agus seimineáir chun an Foras a chur chun cinn mar fhóram don díospóireacht agus don léargas.

6. Aimsiú, Forbairt & Coinneáil Tallainne:

- Straitéis aimsithe, forbartha agus coinneála tallainne a fhorbairt le béim ar na nithe seo a leanas:
 - Feachtais earcaíochta spriocdhírthe chun iarratasóirí den scoth a mhealladh;
 - An fhoireann a fhorbairt agus a spreagadh mar phríomhchóras coinneála;
 - Am agus spás a sholáthar ionas gur féidir leis an bhfoireann a bheith nuálach;
 - Pleanáil chomharbais éifeachtach chun saineolas agus oilteacht a choinneáil.



Athbhreithniú ar Straitéis 2017-2021

Bhain athrú geilleagrach, sochaíoch, déimeagrafach, teicneolaíoch agus timpeallachta le tréimhse straitéis dheireanach an Fhorais (2017-2021). Anuas air sin, thug paindéim Covid-19 dúshlán agus deiseanna suntasacha léi. D'fhreagair an Foras ar bhealach an-sofhtreagrúil agus nuálach. D'athraíomar ár samhail ghnó chuig seachadadh ar líne agus leanamar dár seirbhísí oideachais, oiliúna, sainchomhairleoireachta agus taighde a chur ar fáil ar ardchaighdeán, agus sláinte agus folláine ár bhfoireann á gcinntiú againn.

Leag ár straitéis le haghaidh 2017-2021 trí chuspóir straitéiseacha amach. Rinneamar dul chun cinn láidir faoi gach ceann, mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1



Seirbhísí agus táirgí ábhartha, solúbtha, bunaithe ar chleachtas agus ar fhianaise a thagann le riachtanais reatha atá ag teacht chun cinn sa tseirbhís phoiblí a chur ar fáil

Bhog an Foras ó bheith ina choláiste aitheanta de chuid COBÁC chuig a bhunstádas de bheith ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann. Tar éis athbhreithniú idirnáisiúnta rathúil ag Ollscoil na hÉireann maidir le héifeachtúlacht cur chun feidhme ár nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta, faomhadh gach clár OÉ le haghaidh seacht mbliana breise. Chuireamar os cionn fiche imeacht ar siúl gach bliain d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí trínár bhFórait Rialachais agus Tithíochta agus leanamar dár gclár oiliúna a éagsúlú chun riachtanais gach páirtí leasmhar a shásamh. D'fhorbraíomar clár nua maidir le Nuálaíocht agus Rialachas Spóirt agus chuireamar clár agus seirbhísí ar fáil do raon leathan cliant idirnáisiúnta ón Albáin, Maenmar, an Rómáin, an Téalainn, an Mhaláiv, an Tuirc, an Téaváin, an Chipir agus an Banc Domhanda. Leanamar de thuarascálacha, leabhair agus irisí taighde a fhoilsiú, thacaíomar le tionscadail Rialtais Áitiúil, agus bhunaíomar comhpháirtíocht taighde leis an GCC agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2



Timpeallacht eagrúcháin forásach a chur ar fáil, ar cuireadh acmhainní ar fáil dí chun caighdeán agus barr feabhais a sheachadadh

D'fheidhmíomar go maith ó thaobh airgeadais de i rith shaolré na straitéise, rud a thiomáin seirbhísí éagsúlaithe a bhí ag forbairt, freagrúlacht luath don éileamh agus d'iarratais, struchtúir táille éifeachtúil ó thaobh costas de agus seirbhísí nua a thagann le riachtanais ár n-earnálacha cliant. Rinneamar ár dtacar sainscileanna agus riachtanais soláthair foirne a athbhreithniú ar bhonn rialta. Cuireadh roghanna oiliúna agus oideachais don bhfoireann ar fáil ag leibhéal iarchéime agus fochéime agus ag leibhéal scileanna. Cuireadh tuarascálacha bonneagair tógála i gcrích agus cuireadh plean athchóirithe oifige i bhfeidhm.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3



An Foras a spreagadh agus a shocrú mar an príomhsholáthróir is mó rogha sa tseirbhís phoiblí níos leithne

Lean an Foras dá láithreach i margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a choinneáil. Bhí tógáil caidrimh leantach agus bhí margaíocht ár dtáirgí agus ár seirbhísí lenár mbonn cliant leanúnach ann. Mhéadaíomar ár bhfeachtas margaíochta sna cainéil phrionta agus margaíochta digití, agus chuireamar ár saineolas inár ról mar phríomhthaca ranna rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit chun tairbhe ag baint úsáid as comhaltas na mbord agus cathaoirleacht na gcoistí iniúchóireachta agus riosca. Ghlacamar páirt i seimineáir náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus mhéadaíomar ár gcomhaltas i gcomhlachtaí eile, lena n-áirítear Institiúid na Stiúrthóirí, 30% Club, Asia Matters, DISPA (Scoileanna Riaracháin an hEorpa), Scoileanna Rialtais ECFE, IASIA (Comhlachas Idirnáisiúnta na Scoileanna agus na nInstitiúidí Riaracháin), ACESA (Comhlachas Phríomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit) agus Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath.



Misean, Fís agus Luachanna



Misean

Tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin poiblí agus an bheartais poiblí a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dár seirbhís poiblí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta atá roimpi.



Fís

Bheith mar Ionad Barr Feabhais na hÉireann agus acmhainn agus cumas ar fud na seirbhíse poiblí a mhéadú.



Luachanna

- **Ionracas:** Bheith ionraic, macánta agus eiticiúil agus sinn ag déileáil lena chéile agus lenár gcliaint.
- **Cliantlárnach agus Sofhreagrach:** Gníomhú ar shlí éifeachtach agus éifeachtúil chun leas an chliaint agus chun a riachtanais a shásamh.
- **Oscailteacht agus Freagracht:** Gníomhú agus cinntí a dhéanamh ar shlí atá oscailte agus bheith oscailte don iniúchadh.
- **Iontaoibh agus Meas:** Cinntiú go bhfuilimid iontaofa lenár gcliaint agus lenár gcomhghleacaithe agus leo siúd a mbíonn teagmháil againn leo.
- **Nuálaíocht agus Foghlaim:** Ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí, teacht ar smaointe nua, na réitigh is fearr agus feasacht nua a fháil agus a scaipeadh.
- **Bheith faoi Threoir Taighde:** Cuir le cruthú eolais agus taighde fhianaise-bhunaithe a úsáid sa chinnteoireacht againn agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil.
- **Bheith faoi Threoir an Chleachtais:** Bheith sa tóir ar dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus eolas an chleachtóra a éascú; léargas agus taithí a roinnt agus a chuir i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí.



Ár gCreat Rialachais

Is cuideachta é an Foras Riaracháin atá faoi theorainn ráthaíochta agus is comhlacht sainithe freisin é le stádas carthanachta. Is comhlacht freisin é a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Dá réir sin, ní mór don Fhoras cloí le ceanglais dhlíthiúla, rialaitheacha agus rialachais shuntasacha mar chuideachta, mar charthanacht agus mar eintiteas atá maoinithe ag an stáit. Anuas air sin, is coláiste creidiúnaithe de chuid Ollscoil na hÉireann é an Foras agus is soláthróir cúrsaí agus clár dearbhairthe agus faomhairthe ó chomhlachais ghairmiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta é. Tá creataí agus córais tacaíochta bainistíochta cinnteachta láidre i bhfeidhm ag an bhForas ar fud na heagraíochta, a ndéanann an Bord agus Coistí an Bhoird maoirseacht agus monatóireacht orthu, a chinntíonn go bhfeidhmímid agus gur féidir linn a dheimhniú go bhfuil na caighdeáin agus na gnáis riachtanacha i bhfeidhm againn inár gcreat rialachais. Cuireann an creat árachais bainistíochta le hobair na soláthróirí árachais tríú páirtí, na hiniúcháireachta inmheánaí, agus an Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháir.

Tá an Foras tiomanta fós do struchtúir rialachais éifeachtacha, socruithe rialachais sainoiriúnaithe agus cultúr rialachais maith a chinntiú a spreagfaidh iontaoibh agus muinín san Fhoras. Táimid tiomanta freisin don chreat rialachais a athbheithniú agus a athchóiriú bunaithe ar athruithe chuig ár ndualgais nó áit ar gá é a nuashonrú de bharr cúinsí atá ag forbairt.



Dualgas na Seirbhíse Poiblí i Leith Cearta Daonna agus Comhionannas


Cuireann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Táimid tiomanta don chomhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn i ngach gné dár gcuid oibre, rud a thagann lenár luachanna agus ár bhfealsúnacht ghinearálta. Clúdaíonn sé sin gach páirtí leasmhar, gan dearmad a dhéanamh ar ár bhfoireann, mic léinn agus an timpeallacht oibre ina bhfeidhmímid ar fad. Anuas ar an mbéim a chuirimid ar an gclaochlú, leanfaimid den éagsúlacht, lánpháirtiú, comhionannas, oscailteacht, trédhearcacht agus uileghabhálacht a chur chun cinn.

Cinnfimid conas mar a d'fhéadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar fud gníomhaíochtaí, beartas, clár agus tograí. Déanfaidh torthaí an athbhreithnithe eolas d'fhorbairt ár bplean gníomhaíochta - dul chun cinn a dhéanfar a leagadh amach inár dtuarascálacha bliantúla.

SPRIOC 1

Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil



Riachtanais foghlama agus forbartha gairmiúla creidiúnaithe ar feadh an tsaol a bhaineann lenár státseirbhís agus ár seirbhís phoiblí a aithint agus dul i ngleic leo go réamhghníomhach.

Cuspóirí

- 1.1. Feidhm forbartha straitéiseach tiomnaithe don Fhoras ina iomláine a bhunú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) dul i ngleic go réamhghníomhach agus (ii) riachtanais foghlama agus forbartha agus gairmiúla na bpáirtithe leasmhara ar fad a aithint go córasach.
- 1.2. Dearadh, seachadadh agus ábhar na gcóras agus na gclár a athbhreithniú agus a nuashonrú go leanúnach chun na nithe seo a leanas a léiriú: (i) príomhchleachtas, (ii) riachtanais na bpáirtithe leasmhara maidir le léargas agus foghlaim phraiticiúil bunaithe ar thaithí, agus (iii) gach caighdeán dearbhairthe cáilíochta trí chlár struchtúrtha d'fheabhas den scoth a chur i bhfeidhm.
- 1.3. Cur chuige maidir le taighde, cruthú eolais, agus dearadh agus nuashonrú cúrsaí agus clár a chomhtháthú, chun sineirge a sheachadadh agus aschur gaolmhar a chur chun tairbhe.
- 1.4. Sain-chomhpháirtí/comhpháirtithe seachadta a aithint agus comhghuaillíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun freagairt do: (i) riachtanais sonracha agus sainriachtanais na státseirbhíseach agus na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, agus (ii) riachtanais níos leithne ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.
- 1.5. Pleananna oibre maidir le foghlaim, forbairt chumais agus/nó Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do státseirbhísig agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí a mholadh agus a chomhaontú, rud a sholáthróidh creat FGL do státseirbhísig agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí a dhéanfaidh caighdeáin idirnáisiúnta agus náisiúnta a thagarmharcáil.
- 1.6. Na nithe seo a leanas a fhorbairt agus a chur ar fáil: (i) tairiscintí micridhintiúr agus (ii) creidiúnú gearrchúrsa chun riachtanais FGL agus riachtanais ghaolmhara na bpáirtithe leasmhara a léiriú agus a shásamh.
- 1.7. Príomhchleachtas a athbhreithniú agus cinntiú go bhfuil modheolaíochtaí agus tacaíochtaí FCT á gcuimsiú mar chuid de dhearadh cúrsaí agus clár mar is iomchuí.
- 1.8. Struchtúir dearaidh agus seachadta a fheabhsú go rialta (traidisiúnta, hibrideach, cianda, srl.) le haghaidh foireann tairiscintí an Fhorais atá ann chun riachtanais agus roghanna na gcustaiméirí a shásamh.

SPRIOC 2

Taighde, Ceannaireacht ó thaobh Smaointe de agus Nuálaíocht



An Foras a bhunú mar cheannaire smaointe aitheanta sa taighde, sainchomhairleoireacht agus barr feabhais seachadta seirbhíse.

Cuspóirí

- 2.1. Ár mbéim taighde a athscagadh agus a mhéadú chun: (i) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais, (ii) tábhacht phraiticiúil a chinntiú do bhainisteoirí seirbhíse poiblí agus lucht ceaptha beartais, agus (iii) an Foras a shocrú mar 'cheannaire smaointe' údarásach sna caighdeáin chleachtais is fearr sa riarachán poiblí agus i mbeartas poiblí.
- 2.2. Critéir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na nithe seo a leanas a chinneadh: (i) béim ar thaighde agus (ii) línte seirbhíse sainchomhairleoireachta, i.e. chun tosaíocht a thabhairt do shainchomhairle, tacaíocht phraiticiúil, cruthú eolais agus acmhainní an Fhorais a úsáid ar an mbealach is fearr.
- 2.3. Straitéis cumarsáide a fhorbairt chun an Foras a spreagadh agus a shocrú mar cheannaire smaointe agus ionad barr feabhais ar bhealach gníomhach.
- 2.4. Córas bainistíochta eolais, prótacail agus réitigh TFC a chur i bhfeidhm chun torthaí taighde a chur chun tairbhe, comhroinnt eolais a thacú agus comhoibriú thar gach rannóg de chuid an Fhorais a fheabhsú.
- 2.5. Deiseanna agus comhpháirtíochtaí taighde i gcomhar a aimsiú, a fhorbairt agus dul sa tóir orthu chun tacú le cruthú eolais agus chun ceannaireacht smaointe a chur chun cinn i réimsí tosaíochta.

SPRIOC 3

Cultúr, Comhroinnt Eolais agus Ár nEagraíocht Foghlama



Ár gcur chuige i leith forbairt foirne, comhroinnt eolais agus cultúir a fheabhsú agus a chomhtháthú, chun eagraíocht teagaisc agus foghlama fhorásach a léiriú.

Cuspóirí

- 3.1. Athbhreithniú ar chultúr ár n-ionaid oibre a chríochnú agus plean gníomhaíochta a chur le chéile chun stádas an Fhorais mar 'eagraíocht teagaisc agus foghlama' fhorásach a fheabhsú.
- 3.2. Ár struchtúr eagraíochtúil agus líon foirne a aithint agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bhfuil gá leo chun ár gcuspóirí straitéiseacha a sheachadadh.
- 3.3. (i) Príomhriachtanais agus (ii) riachtanais foirne comhlacha a chinneadh chun a chinntiú go gcuirtear acmhainní eagraíochtúla ar fáil a léiríonn riachtanais na bhfoghlaimeoirí.
- 3.4. Straitéis daoine comhtháite a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun an fhoireann a mhealladh, a choinneáil, a fhorbairt agus a spreagadh, agus comharbas á bhainistiú agus feidhmíocht agus caighdeán an aschuir á n-uasmhéadú againn.
- 3.5. Cearta bunúsacha a chur chun cinn thar gach gné dár gcuid oibre trína chinntiú go bhfuil ár plean gníomhaíochta maidir le comhionannas agus cearta daonna á chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- 3.6. Pleananna foghlama agus forbartha gairme saincheaptha a fhorbairt i gcomhar leis an bhfoireann iomlán, agus pleananna taighde aonair a chomhaontú le pearsanra ábhartha.

SPRIOC 4

Timpeallacht Eagraíochtúil an Fhorais



Éifeachtúlacht riaracháin agus phróisis a sheachadadh agus ionchais ghairmiúla ár bhfoirne, ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara a shásamh.

Cuspóirí

- 4.1. Agus ár mbonneagar campais á athbhreithniú againn, cinntiú go bhfuil ár saoráidí in ann ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh costas de agus atá sainoiriúnach do riachtanais ár seirbhísí poiblí amach anseo.
- 4.2. Straitéisí TFC agus Seirbhísí Tacaíochta a fhorbairt chun: (i) cibir-rioscaí agus gach riosca ábhartha a íoslaghdú, (ii) cur i bhfeidhm FCT a thacú, (iii) obair hibrideach a éascú, (iv) leanúnachas gnó a sholáthar agus (v) feidhmeanna airgeadais ríthábhachtacha a chomhtháthú ar fud na heagraíochta.
- 4.3. Próisis oibre a athbhreithniú agus a shruthlíniú - TFC agus/nó réitigh ghaolmhara a aithint agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a sholáthar agus uathobriú a mhéadú.
- 4.4. Measúnaithe iomlána ar infheistíocht agus ar iarracht, i gcoinne na leasanna agus an éileamh ar sheirbhísí.
- 4.5. Athbhreithniú a chríochnú agus plean cur chun feidhme a fhorbairt chun príomhchleachtas i mbainistiúocht ár bhfeidhmeanna corparáideacha a thacú - cur chun cinn caighdeán cháilíochta agus chreidiúnaithe á gcur san áireamh de réir mar is cuí.
- 4.6. Comhlíonadh iomlán lenár riachtanais rialachais agus reachtúla a chinntiú trí chreataí árachais éifeachtúla a chur i bhfeidhm chomh maith le measúnuithe inmheánacha agus seachtracha.



Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Beidh an tArd-Ghrúpa Bainistíochta (AGB) freagrach as plean gnó mionsonraithe a fhorbairt, ina mbeidh an clár infheistíochta, gníomhaíochtaí agus eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) riachtanacha, mar aon le hamlínite agus spriocanna intomhaiste. Beidh an plean seo faoi réir nuashonraithe agus athbhreithnithe go bliantúil tar éis tréimhse athbhreithnithe. Déanfar dul chun cinn na ngníomhaíochtaí agus na ETFanna a athbhreithniú go ráithiúil ag an AGB. Beidh an tArd-Stiúrthóir agus an AGB freagrach don Bhord mar chuid don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanfaidh siad ar an bplean.

Leagamar straitéis uaimhianach, dhúshlánach amach dúinn féin don chéad chúig bliana amach romhainn. Déanfaidh an bord athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm le tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn agus ETFanna ón AGB. Socróidh an Bord athbhreithniú meántéarmach foirmeálta don straitéis go luath in 2025.



An Foras Riaracháin

57-61 Bóthar Lansdún
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4
Éire
D04 TC62

T: +353 1 240 3600
F: +353 1 668 9135
E: information@ipa.ie